



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Plean Forbartha Straitéisí 2012–2016

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann © 2011
45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
Éire
www.irishmanuscripts.ie

Luaigh an doiciméad mar seo a leanas:

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, Plean Forbartha Straitéisí, 2012–2016
(Baile Átha Cliath, 2011).

Sonraí ar bharr leathanach 6-18: ó lámhscríbhinn an *Great Parchment Book of Waterford*
le caoinchead ó Mhaoin Phort Láirge.

Deartha ag David Hayes & Associates
Graphic Design Consultants, e-mail: djhayes@iol.ie

Priontáilte ag The Type Bureau, e-mail: typebureau@printnet.ie





COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Plean Forbartha Straitéisí

2012–2016



Clár Ábhar

4 Brollach

6 Ag Breathnú ar Aghaidh

FÍS

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA LE hAGHAIDH 2012–2016

8 Mar fhoilsitheoir

PRÍOMHFHOILSITHEOIR ÁBHAIR BHUNFHAINSE LE hAGHAIDH
STAIR NA hÉIREANN

CUSPÓIR

CLÁR FOILSITHEOIREACHTA LE hAGHAIDH 2012–2016

FOINSIÚ ÁBHAIR LE FOILSIÚ

TOSAÍOCHTAÍ FOILSITHEOIREACHTA A SHOCRÚ

FOILSEACHÁIN CLÉ A CHUR CHUN CINN

CLÁR FOILSITHEOIREACHTA CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ
NA hÉIREANN 2012–2016

12 Mar chomhairleoir

SAINCHÚRAM COMHAIRLEACH

CUSPÓIR

COMHAIRLE A THABHAIRT: AR BHEALACH FRITHGHNÍOMHACH
AGUS RÉAMHGHNÍOMHACH

13 Mar thionscnóir feasachta

TAIFID A CHAOMHNÚ DON TODHCHAÍ

CUSPÓIR

FEASACHT A MHÚSCAILT

14 Mar thacadóir agus chleachtóir digitithe

DEA-CHLEACHTAS MAIDIR LE hACMHAINNÍ DIGITEACHA
A CHUR CHUN CINN

CUSPÓIRÍ

TIONSCNAIMH UM FHOILSITHEOIREACHT DHIGITEACH AGUS
CHUN DIGITIÚ A CHUR CHUN CINN

16 Torthaí 2008–2011

18 Cairt na hEagraíochta

Brollach

AGUS TIONCHAR LÉANN NA hÉIREANN le brath i ngach cearn den domhan mar chuid de spéis níos leithne i stair agus in oidhreacht chultúrtha na hÉireann tá ról fíor-riachtanach ag COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (CLÉ) mar fhoilsitheoir bunfhoinsí le haghaidh na hÉireann a dtugtar aitheantas dó ar fud na tíre agus ar fud an domhain go deimhin. Tá sainchuspóir CLÉ bunaithe ar phrionsabail an scaipthe, an chaomhnaithe agus an chur chun cinn i dtaca le hábhar bunfhoinsé—faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach—le haghaidh stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Ó bunaíodh é i 1928 tá CLÉ ag tabhairt tuairisce ar lámhscríbhinní agus ar pháipéir a bhaineann le hÉirinn agus atá spéisiúil ó thaobh na litríochta nó na staire nó go ginearálta, chomh maith le comhairle maidir le hiad a chaomhnú agus a fhoilsiú. Is í an phríomhfheidhm atá aige ná bheith ina fhoilsitheoir, i bprionta agus go digiteach, d’eagráin de lámhscríbhinní agus de shaothair as cló atá spéisiúil ó thaobh na staire agus an chultúir.

Braitheann CLÉ ar dheontas i gcabhair ón Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, i dteannta le tuillimh óna chuid foilseachán. Tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir go gcuimsíonn ballraíocht an Choimisiúin staraithe cleachtacha a tharraingítear ó ollscoileanna in Éirinn, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, chomh maith le cartlannaithe, leabharlannaithe agus sloinnteoirí. Seirbheálann stiúrthóir Oifig na dTaifead Poiblí, chomh maith le stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Chartlann Náisiúnta na hÉireann, ar an gCoimisiún. Ní thugtar aon luach saothar do na baill as an ról fíor-riachtanach a ghlacann siad i mbainistíocht agus in athbhreithniú piaraí foilseachán; gan an rannpháirtíocht neamhleithleach sin ní bheadh an Coimisiún in ann a shainchuspóir a chomhlíonadh. Ní thugtar airgead oinigh ach don chathaoirleach. Táthar ag cloí leis an traidisiún sin de sheirbhís don scoláireacht agus don stát ó shínigh an tUachtarán W.T. Cosgrave barántas ceapacháin an Choimisiúin ar 10 Deireadh Fómhair 1928. Dar le hathbhreithniú ar an gCoimisiún i 2004 a thionscain an Roinn agus a rinne CHL Consulting ‘**IMC operates cost-effectively and its functions could not be more cheaply performed by another body**’ (‘Review of the role and function of the Irish Manuscripts Commission, Interim report’, CHL Consulting, Márta 2004).

Déanann an plean straitéiseach seo le haghaidh 2012–2016 forbairt ar Phlean Forbartha Straitéisí 2008-2011 an Choimisiúin a sholáthair treochlár d'fhorbairt CLÉ le haghaidh na gceithre bliana seo caite (féach **Torthaí 2008–2011**).

Cosúil leis an bplean a chuaigh roimhe, leagtar béim sa Phlean Forbartha Straitéisí 2012–2016 ar phríomhfheidhm CLÉ mar fhoilsitheoir bunfhoinisí, agus ag an am céanna leagtar tábhacht ar fhreagracht CLÉ as feasacht phoiblí agus institiúide a mhúscailt maidir leis an ngá le bunfhoinisí a chaomhnú, a chatalógú agus a dhéanamh inrochtana áit ar féidir iad a aimsiú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a ghlac páirt ar bhealach ar bith sa Phlean Forbartha Straitéisí 2012–2016 a ullmhú. Tá an Coimisiún faoi chomaoin speisialta na mball dá Choiste um Athbhreithniú Straitéiseach: an tOllamh David Dickson, an tOllamh James Kelly, an Dr Michael Kennedy, Máire Mac Conghail Uas., an Dr Deirdre McMahon, an tUas. Donal Moore agus an tOllamh Mary O'Dowd. Rinne an Dr Maurice Manning, MRIA, Seansailéir Ollscoil na hÉireann, a ghlac go flaithiúil le cuireadh chun seirbheáil ar an gCoiste, obair fhíor-luachmhar.

Ghlac an Coimisiún go foirmiúil leis an bPlean Forbartha Straitéisí ar Méan Fómhair 2011.

James McGuire
Cathaoirleach
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann



Ag Breathnú ar Aghaidh



Fís

Is í fís CLÉ ná feachtas phoiblí agus institiúide ar ábhair bhunfhoinsí le haghaidh stair, chultúr agus oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn chomh maith le rochtain orthu.

Déanann CLÉ fónamh ach go háirithe ar na pobail oidhreachtacha cultúrtha agus acadúla agus tá sé tiomanta chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí straitéiseacha an Rialtais le haghaidh athbheochana náisiúnta.

Tosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh 2012–2016

Tógann an plean seo go sonrach ar thorthaí an bPlean Forbartha Straitéis 2008–2011 agus ar bhealach níos sonraí ar an gclú idirnáisiúnta atá bainteach amach ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus é ag foilsiú bunfhoinsí le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann le níos mó ná 80 bliain.

Aithníodh na tosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh na gcúig bliana seo chugainn:

- Déanfaidh CLÉ a ról mar **phríomhfhoilsitheoir** ábhair bhunfhoinsí le haghaidh stair na hÉireann a mhéadú agus a fhorbairt níos mó, ag tógáil ar an gclú atá air mar fhoilsitheoir ó 1928;
- Comhlíonfaidh CLÉ a shainchuspóir mar **chomhairleoir saineolach** i leith ceisteanna agus beartas a bhaineann le lámhscríbhinní, le taifid stairiúla agus le hearraí cultúrtha. Tabharfaidh sé comhairle ar bhealach réamhghníomhach agus frithghníomhach, a bheidh bunaithe ar a chomhthaithí institiúide agus ar shaineolas a chuid ball aonair, don Rialtas, do na h-institiúidí cultúrtha agus do chomhlachtaí agus d'institiúidí cultúrtha eile;





Plean Forbartha
Straitéisí
2012-2016

- mar **thionscnóir feasachta maidir leis an ngá le bunfhoinsí a chaomhnú** déanfaidh CLÉ tuilleadh forbartha ar chuid straitéisí. Tabharfaidh sé spreagadh agus comhairle d'institiúidí (idir institiúidí poiblí agus príobháideacha), do chomhlachtaí deonacha agus do dhaoine aonair maidir leis na taifid atá á gcoimeád acu a chaomhnú, bíodh gur taifid reatha nó neamhreatha iad;
- Tá CLÉ tiomanta chun acmhainní digiteacha a tháirgeadh. Mar **thacadóir agus chleachtóir digitithe**, déanfaidh CLÉ dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur chun cinn, leanfaidh sé ar aghaidh lena chuid foilseachán a dhigitiú, agus déanfaidh sé ábhar ó institiúidí cultúrtha na hÉireann a chur chun cinn ar an tairseach oidhreacht cultúrtha Europeana.



Mar fhoilsitheoir



Príomhfhoilsitheoir ábhair bhunfhoinsí le haghaidh stair na hÉireann

Tá clú agus cáil ar an gCoimisiún ar fud an domhain de bharr chaighdeán a chuid foilseachán; déantar athbhreithniú piaraí agus táirgeadh de réir na gcaighdeán scoláireachta is airde ar gach eagrán, chun caighdeán agus iontaofacht agus caomhnú fadtéarmach na mbunfhoinsí a bhfuil na heagraí sin bunaithe orthu a chinntiú: ‘enlightened subvention, modest enough, has ensured that the Manuscripts Commission has shone like a beacon’ (‘Textual healing’ – Times Literary Supplement, Londain, 8 Bealtaine 2009).

Le linn na tréimhse 2012–2016, déanfaidh CLÉ a ról mar fhoilsitheoir ábhair bhunfhoinsí le haghaidh stair na hÉireann a mhéadú agus a fhorbairt níos mó, ag soláthar an bhonneagar taighde dóibh siúd atá i mbun taighde stairiúla ar fud an domhain.

Cuspóir

Féachfaidh CLÉ leis an tosaíocht sin a bhaint amach trí shé imleabhar ar an meán a fhoilsiú i bprionta gach bliain, chomh maith le heagraí leictreonacha a fhoilsiú.

Tá na gníomhartha seo a leanas riachtanach chun an tosaíocht straitéiseach sin a bhaint amach.

Clár foilsitheoireachta le haghaidh 2012–2016

1. Le haghaidh na tréimhse 2012–2016 tá CLÉ tiomanta chun mórchlár foilsitheoireachta de sheacht n-eagrán il-imleabhar de bhunfhoinsí (féach ar leathanach 11).
2. Féachfaidh CLÉ le bunfhoinsí áirithe a fhoilsiú i bhformáid dhigiteach nár fhoilsigh CLÉ roimhe sin agus arbh iad na foinsí is mó atá oiriúnach d’fhoilsiú leictreonach, dar leis an gCoimisiún.
3. Iarrfaidh CLÉ comhoibriú le húinéir bhailiúcháin lámhscríbhinní agus é mar aidhm a ige na bailiúcháin a fhoilsiú ar líne.
4. Foilseoidh CLÉ eagrán léannta amháin ar a laghad i bprionta de bhunfhoinsí nár foilsíodh roimhe seo chun tarlú ar comhthráth leis na cuimhneacháin cothrom chéad bliain iomaí ó 2012 ar aghaidh.





Plean Forbartha
Straitéisí
2012-2016

Foinsíú ábhair le foilsíú

5. Aithneoidh CLÉ foinsí neamhfhoilsithe a d'fhéadfadh a bheith luachmhar do shloinnteoirí agus do staraithe teaghlaigh le breithniú mar eagráin CLÉ amach anseo.
6. Gach bliain faigheann CLÉ líon mór tograí foilsitheoireachta. Leanfaidh sé ar aghaidh ag spreagadh tograí le haghaidh foilsithe a chuirfidh scoláirí aonair agus bail den phobal faoina bhráid go neamhspleách

Tosaíochtaí foilsitheoireachta a shocrú: meicníocht um rialú airgeadais

Agus acmhainní ag dul i laghad, déanfaidh Cathaoirleach CLÉ liosta de thionscadail fhaofa, de na dátaí ar cosúil go mbeidh siad críochnaithe fúthu agus de na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh costais fhoilsithe a chur i láthair do gach cruinniú den Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán. I bhfianaise na tuairisce sin déanfaidh an Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán moltaí don Choimisiún maidir le tosaíochtaí foilsithe go gearrthéarmach agus go meántéarmach.



Mar fhoilsitheoir

ar lean

Foilseacháin CLÉ a chur chun cinn

Leanfar ar aghaidh le gníomhaíochtaí atá ceaptha chun tacú le foilseacháin CLÉ a chur chun cinn, agus le clú agus cáil CLÉ, ar fud na tíre agus an domhain, agus déanfar gníomhaíochtaí nua a thionscain. Seo a leanas a dhéanfaidh CLÉ:

7. déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar an straitéis reatha mhargaíochta agus chumarsáide chun díriú ar scoláirí, ar an lucht acadúil, ar leabharlannaithe agus ar mhic léinn staire agus cultúir, ar fud na tíre agus an domhain chomh maith leis an bpobal léitheoireachta i gcoitinne;
8. rachaidh sé i ngleic go díreach le soláthraithe chúrsaí Léann na hÉireann agus Léann Cultúrtha na hÉireann ar fud an domhain;
9. ceapfaidh sé straitéis chun díolacháin agus foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc ball de chumann áitiúla staire agus ginealais;
10. gach bliain ceapfaidh sé agus scaipfidh sé catalóg nua d'fhoilseacháin CLÉ i bprionta agus ar líne trí láithreán gréasáin CLÉ;
11. bainfidh sé úsáid as foirmeacha nua de mheáin shóisialta chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn;
12. déanfaidh sé athbhreithniú agus nuashonrú débhlíantúil ar ábhar láithreán gréasáin CLÉ agus ar na seirbhísí a tháirgeann sé;
13. féachfaidh sé le foilseacháin a chur chun cinn trí hasraonta craolta agus meáin chlóite.



CLÁR FOILSITHEOIREACHTA CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN 2012–2016

EAGRAÍN IL-IMLEABHAR

- The proclamations of Ireland, 1660–1820 (eag. James Kelly le Mary Ann Lyons), 5 imleabhar ag an am céanna, 2012
- The 1641 depositions (eag. Aidan Clarke), 12 imleabhar go srathach ó 2012
- *Commentarius Rinuccinianus* (eag. agus arna n-aistriú ag Gráinne McLaughlin et al.), 5 imleabhar go srathach ó 2012
- Correspondence of Archbishop Paul Cullen (eag. Colin Barr et al.), 5 imleabhar go srathach ó 2013
- Calendar of state papers, Ireland (eagarthóir ginearálta Nicholas Canny; eagarthóirí imleabhair: Steven Ellis agus James Murray, Colm Lennon, Ciaran Brady), 3 himleabhar go srathach ó 2012
- A calendar of Irish chancery letters c. 1244–1509 (eag. Peter Crooks), 3 himleabhar ag an am céanna, 2014
- Correspondence and papers of Bishop Nicholas French (eag. Jason McHugh), 2 himleabhar ag an am céanna, 2015

EAGRAÍN IMLEABHAIR AONAIR

- *Analecta Hibernica* 43 (2012)
- Infanticide and concealment of births recorded in the Crown files at assizes, 1880–1900 (eag. Elaine Farrell) (2012)
- Mapping Ireland c. 1550–1640. An illustrated catalogue of manuscript maps of Ireland, including maps relating to plantation (eag. Annaleigh Margey) (2012)
- Letter book of George, 16th Earl of Kildare (eag. Aidan Clarke and Bríd McGrath) (2012)
- Arrangements for the integration of Irish immigrants in England and Wales (eag. Mary E. Daly) (2012)
- Elizabethan campaign journals (eag. David Edwards) (2013)
- Eighteenth-century minute books of Waterford Corporation (eag. Donal Moore) (2013)
- Manuscript record of the Corporation of Coleraine, 1623–1669 (eag. Bríd McGrath) (2013)
- Religious censuses of the 1760s (eag. Brian Gurrin, Liam Kennedy and Kerby Miller) (2013)
- *Analecta Hibernica* 44 (2014)
- Franciscan account books (eag. Liam Kennedy) (2014)
- *Purgatorium Hibernicum* and other Irish mid-seventeenth century Anglo-Irish poetry (eag. Andrew Carpenter) (2014)
- *Historia* (eag. Jason Harris) (2014)
- Three seventeenth-century Franciscan histories (eag. Edel Bhreathnach et al.) (2014)
- Correspondence of Katherine Conolly (eag. Marie-Louise Jennings) (2015)
- Register of Archbishop Cromer of Armagh (eag. John McCafferty) (2015)
- *Analecta Hibernica* 45 (2016)
- Trustees report arising from the Act of Resumption 1701 (eag. C. Ivar McGrath) (2016)
- Episcopal visitations 1622 (eag. Brendan Scott) (2016)

Mar chomhairleoir

Sainchúram Comhairleach

Comhlíonfaidh CLÉ a shainchúram mar shainchomhairleoir i leith saincheisteanna agus beartas a bhaineann le lámhscríbhinní, le taifid stairiúla agus le hearraí cultúrtha.

Cuspóir

Bainfidh CLÉ an tosaíocht sin amach sa tréimhse 2012-2016, trí chomhairle a sholáthar ar bhealach réamhghníomhach agus frithghníomhach, atá bunaithe ar a chomhthaithí institiúide agus ar shaineolas a chuid ball aonair, don Rialtas, do na hinstiúidí cultúrtha agus do chomhlachtaí cultúrtha agus institiúidí eile.

Comhairle a thabhairt: ar bhealach frithghníomhach agus réamhghníomhach

Seo a leanas na gníomhartha atá riachtanach chun an tosaíocht straitéiseach sin a bhaint amach.

14. Comhlíonfaidh CLÉ a chuid oibleagáidí reachtúla maidir leis an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta (faoi alt 20 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986).
15. Comhlíonfaidh CLÉ a chuid freagrachtaí faoi alt 48 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, chun comhairle ar chur ar an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, de réir threoir an Aire (fo-alt 3 agus 5) agus déanfaidh sé moltaí don Aire, áit ar cuí (faoi fho-alt 6).
16. Cuirfidh CLÉ comhairle ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann maidir le lámhscríbhinní stairiúla a bhaineann le hÉirinn a fháil agus a fhoilsiú.
17. Aithneoidh CLÉ saincheisteanna tábhachtacha áit a bhféadann sé cabhair a thabhairt maidir le beartas a fhorbairt nó comhairle a sholáthar don lucht déanta beartais agus do chleachtóirí i bpobal na hoidhreacht cultúrtha.
18. Táirgfidh CLÉ comhairle eolasach don Rialtas, agus don Oireachtas áit ar cuí, maidir le taifid agus páipéir a oscailt, nach dtugtar rochtain don phobal taighde orthu agus atá i seilbh institiúidí faoi cheannas an stáit.
19. Ag eascairt óna thaithí féin (féach Mar thionscnóir feasachta) cuirfidh CLÉ comhairle ar an Rialtas maidir leis an ngá le beartas náisiúnta i leith chaomhnú taifead.



Taifid a chaomhnú don todhchaí

Ag tógáil san áireamh an géarghá le gach cineál bunfhoinsí le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann a chaomhnú agus le rochtain orthu a fheabhsú, déanfaidh CLÉ tuilleadh forbartha ar a chuid straitéisí feasachta agus comhairle i measc staraíthe gairmiúla, cartlannaithe, institiúidí oideachasúla agus gairmoideachais, i measc phobal an ghnó agus an phobail i gcoitinne.


Cuspóir

Bainfidh CLÉ an tosaíocht sin amach trí spreagadh agus comhairle a thabhairt d'institiúidí (idir institiúidí poiblí agus príobháideacha) agus do dhaoine aonair maidir leis na taifid atá ina seilbh a chaomhnú, bíodh gur taifid reatha nó neamhreatha iad; féachfaidh CLÉ leis an teachtaireacht a chur in iúl go bhféadfadh go mbeadh taifid den sórt sin ina mbunfhoinsí le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann nó go mbeidh siad ina mbunfhoinsí go luath.

Feasacht a mhúscailt

Tabharfar faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas chun an tosaíocht straitéiseach sin a bhaint amach:

20. Bunóidh CLÉ Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain (CFCR) agus leagfar cúram air as idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla agus deonacha atá ar aon intinn leis (lena n-áirítear NAI; cartlannaithe cathrach agus contae; Archives and Records Association, Ireland; Grúpa Cartlannaithe na n-Údarás Áitiúil) agus, as comhfheachtais fheasachta a cheapadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt, áit ar féidir. Tabharfaidh an CFRC tuairisc don Choimisiún dhá uair sa bhliain.
21. Beidh an CFRC freagrach as mír Ceisteanna Coitianta (CCanna) a fhorbairt ar láithreán gréasáin CLÉ a thabharfaidh comhairle maidir le taifid a chaomhnú, taifid ghnó agus taifid agus páipéir comhlachtaí deonacha ach go háirithe, agus a sholáthróidh naisc leantacha le saininstitiúidí.
22. Ag tógáil ar rath iontach CLÉ agus é ag glacadh páirte san Oíche Chultúir (a reáchtáiltear i Meán Fómhair gach bliain) ó 2008 ar aghaidh, bainfidh CLÉ leas as na hócáidí sin ó 2012-2016 chun (a) obair agus foilseacháin CLÉ a thaispeáint, agus (b) chun béim a leagan ar an ábharthacht agus an luach a bhaineann le gach cineál taifid a chaomhnú.
23. Bunóidh CLÉ léacht dhébhlíantúil, a dtabharfar Léacht Eoin Mac Néill uirthi, a reáchtálfar gach re bliain ó fhómhar 2012 ar aghaidh. Díreoidh na léachtaí sin den chuid is mó ar anailís a dhéanamh ar na bealaí a tharraingíonn staraíthe eolas as bunfhoinsí agus a dhéanann siad léirmhíniú orthu agus ar an tábhacht a bhaineann le hábhair bhunfhoinsí a chaomhnú.



Mar thacadóir agus chleachtóir digitithe



Dea-chleachtas maidir le hacmhainní digiteacha a chur chun cinn

Tá CLÉ tiomanta chun feasacht agus comhoibriú maidir le digitiú acmhainní a chur chun cinn trí chumarsáid a chothú idir na páirtithe leasmhara (comhpháirtithe acadúla, teicniúla, cultúrtha, tráchtála agus an lucht déanta beartais), agus trí húsáid an dea-chleachtais idirnáisiúnta a spreagadh. In Aibreán 2007 reáchtáil CLÉ seimineár ar dhea-chleachtas maidir le digitiú ar fhreastail ionadaithe ó na hinstiúidí cultúrtha, ón lucht déanta beartais agus ón lucht acadúil air. Ina dhiaidh sin foilsíodh doiciméad beartais, le hionchur ó chleachtóirí idirnáisiúnta i réimsí na ndaonnachtaí digiteacha agus an chaomhnaithe, ar láithreán gréasáin CLÉ (<http://www.irishmanuscripts.ie>).

Leanfaidh CLÉ air ag déanamh a chuid saothar foilsithe a dhigitiú – idir saothair ón am atá thart, saothair reatha agus saothair na todhchaí. Tabharfaidh sé rochtain saor in aisce ar líne ar na bunfhoinc a fhoilsiú don oiread daoine agus is féidir. Déanfaidh sé ábhar digiteach ó instiúidí cultúrtha na hÉireann a chur chun cinn ar an tairseach oidhreachta cultúrtha Europeana.

Cuspóirí

Féachfaidh CLÉ le heagrán digitithe feabhsaithe de bhunfhoinsí mhór a bhfuil sé cruthaithe go leagann staraithe, sloinnteoirí, agus saineolaithe logainmneacha luach air a fhoilsiú ar líne.

Leanfaidh CLÉ air ag cur a chuid eagrán prionta reatha ar fáil i bhformáid dhigiteach.

Déanfaidh CLÉ dea-chleachtas maidir le digitiú míreanna staire cultúrtha a chur ar aghaidh chomh maith le caomhnú fadtéarmach na míreanna digiteacha sin.

Leanfaidh CLÉ air ag déanamh cur san áireamh ábhar digiteach ó instiúidí cultúrtha na hÉireann i Europeana agus i dtairseacha oiriúnacha eile náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chur chun cinn agus a spreagadh, agus leanfaidh sé air ag gníomhú, ar iarratas an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar chomhiomlánóir náisiúnta le haghaidh Europeana.



Tionscnaimh um fhoilsitheoireacht dhigiteach agus chun digitiú a chur chun cinn

Tríd na gníomhartha seo a leanas a ghlacadh comhlíonfar na cuspóirí straitéiseacha maidir le digitiú sa tréimhse 2012–2016.

24. Iarrfaidh CLÉ cistiú comhoibríoch chun foilsiú ar líne ardeagrán digiteach de na Books of Survey and Distribution ón 17ú haois, bunfhoinse mhór a bhfuil sé cruthaithe go leagann staraithe, sloinnteoirí agus saineolaithe logainm luach air, a éascú. Cuimseoidh an t-eagrán sin roghanna cuardaigh chasta agus comhéadan gréasáin furasta le húsáid.
25. Foilsiú bunfhoinse áirithe (mar chláir agus sonraí táblacha) i bhformáid dhigiteach ar líne nár fhoilsigh CLÉ roimhe sin agus arb iad na bunfhoinse is mó atá oiriúnach d'fhoilsiú leictreonach, dar leis an gCoimisiún (féach Mar fhoilsitheoir).
26. Digitiú tráinsí d'eagraín CLÉ atá ar fáil i bprionta cheana féin ar bhonn bliantúil.
27. Féachfaidh CLÉ le forbairt prótacal um dhigitiú a chloíonn le dea-chleachtas idirnáisiúnta a éascú agus féachfaidh sé le feachtas a chur chun cinn maidir le meiteashonraí atá comh-inoibritheach le tairseacha nua oidhreachtachta cultúrtha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Féachfaidh CLÉ le feachtas a mhúscailt maidir le hobair taighde náisiúnta reatha maidir le caomhnú fadtéarmach earraí digiteacha.
28. Iarrfaidh CLÉ comhoibriú níos dlúithe leis na hinstiúidí cultúrtha maidir le cur san áireamh ábhar digiteach as Éirinn ar an tairseach Europeana a spreagadh agus a chur chun cinn.



Torthaí 2008–2011

Baineadh amach na torthaí seo a leanas sa tréimhse atá cuimsithe ag an bPlean Forbartha Straitéisí 2008–2011:

foilseacháin: d'fhoilsigh CLÉ na heagráin seo a leanas sa tréimhse 2008–2011:

- *Analecta Hibernica* 41 (ed. James Kelly);
- *Analecta Hibernica* 42 (ed. James Kelly);
- *Calendar of state paper, Ireland 1566–7 and 1568–71* (ed. Bernadette Cunningham), 2 vols;
- *Council Book for the province of Munster c. 1599–1649* (ed. Margaret Curtis Clayton);
- *Proceedings of the Irish House of Lords, 1771–1800* (ed. James Kelly), 3 vols;
- *World War I and the question of Ulster: the correspondence of Lilian and Wilfrid Spender* (ed. Margaret Baguley);
- *Papers of the Dublin Philosophical Society, 1683–1709* (ed. K. T. Hoppen), 2 vols;
- *Calendar of the Rosse papers* (ed. A.P.W. Malcomson);
- *Charlotte's Brooke's Relique's of Irish poetry* (ed. Lesa Ní Mhunchaile);
- *The Clements archive* (ed. A.P.W. Malcomson);
- *The Conolly archive* (ed. Patrick Walsh and A.P.W. Malcomson);
- *The Irish Defence Forces 1940–1949: the Chief of Staff's reports* (ed. Michael Kennedy and Victor Laing);
- *The correspondence of James Ussher 1600–1656* (ed. Elizabethanne Boran), 3 vols;
- *Pauper Limerick. The register of the Limerick House of Industry, 1774–1793* (ed. David Fleming and John Logan);
- *Calendar of material from the High Court of Admiralty, 1641–1660* (ed. Elaine Murphy).

thionscadail iomráiteacha: Thug CLÉ gealltanas maidir le sé thionscadal iomráiteacha sa tréimhse 2008–2011:

- *Correspondence of Archbishop Paul Cullen*: eagrán il-imleabhar cuimsitheach agus deifnídeach de chomhfhreagras an Chairdinéil Cullen;
- *Proclamations of Ireland, 1660–1820*: eagrán ina liostaítear na forógraí go léir a eisíodh thar thréimhse 160 bliana, agus ina fhoilsítear ábhar iomlán na bhforógraí go léir a maireann;
- *Commentarius Rinuccinianus*: aistriúchán Béarla iomlán den *Commentarius* iomlán, atá foilsithe sa Laidin amháin, a fhoilsiú den chéad uair;
- *Historia*: an téacs a shocrú agus tras-scríbhinn den Lámhscríbhinn Laidine a fhoilsiú den chéad uair chomh maith le haistriúchán Béarla de mhórfhoinse le haghaidh Éire an seachtú-haois déag, nach bhfuil aithne uirthi go forleathan;
- *Teistíochtaí 1641*: leagan prionta a fhoilsiú atá curtha in eagar go hiomlán, de réir contae, de theistíochtaí comhaimseartha a foilsíodh tar éis bhriseadh amach na cogaíochta in Éirinn i bhfómhar 1641;
- *Irish chancery letters c. 1244–1509*: eagrán mór il-imleabhar a fhoilsiú bunaithe ar thionscadal Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



faomhadh foilseachán: faoi fhómhar 2011 bhí fiche-ceathair thionscadal faofa go foirmiúil le foilsiú ag CLÉ.

tograí nua: tháinig méadú faoi thrí ar líon na dtograí foilsitheoireachta le haghaidh eagráin CLÉ sa tréimhse 2008–2011.

conradh le haghaidh eagarthóirí: faomhadh conradh le haghaidh eagarthóirí eagráin CLÉ, a chuimsíonn saincheisteanna cóipchirt agus atáirgthe, tar éis comhairle dlí a fháil.

catalog: tá catalog nua CLÉ ar stíl nua á eisiúint i bhformáid leabhráin ó 2010.

láithreán gréasáin: rinneadh láithreán gréasáin CLÉ a athdhearadh i 2010 chun níos mó seirbhísí a chuimsiú, lena n-áirítear leaganacha digiteacha d’eagráin CLÉ atá as cló (agus atá ar fáil saor in aisce) a sheachadadh chomh maith leis an leagan is deireanaí de chatalog CLÉ.

dhigitú: rinneadh 43 cinn de na teidil CLÉ as cló is mó a bhfuil tóir orthu a dhigitú agus cuireadh ar fáil ar láithreán gréasáin CLÉ iad le haghaidh úsáideoirí ar fud an domhain.

Europeana: Ar iarratas na Roinne, ghníomhaigh CLÉ mar chomhiomlánóir náisiúnta ábhair le haghaidh institiúidí cultúrtha trí hullmhú meiteashonraí le háireamh i dtairseach Europeana a éascú.

ceiliúradh cothrom ochtó bliain: Icheiliúir CLÉ cothrom ochtó bliain ó bunaíodh é trí chuntas staire léannta ar scála iomlán a fhoilsiú — Michael Kennedy agus Deirdre McMahon, *Reconstructing Ireland’s past: a history of the Irish Manuscripts Commission* (2009).

An Oíche Chultúir: ó Mheán Fómhair 2008 tá CLÉ ag glacadh páirte go díograiseach san Oíche Chultúir 148 cuairteoir i 2008, 750 i 2009, 770 i 2010 agus 846 i 2011. Taispeánadh samplaí d’fhoilseacháin CLÉ do chuairteoirí, tugadh léacht ghairid ar ghníomhaíochtaí CLÉ dóibh (a ritheadh gach 30 nóiméad) agus moladh dóibh eolas a chur ar chartlanna.

Cairt na hEagraíochta

Léiríonn an léaráid seo a leanas eagraíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann amhail Meán Fómhair 2011.

Analecta Hibernica

Curtha in eagar ag
James Kelly

Baill Oinigh

Francis J. Byrne,
OLLAMH EMERITUS LE STAIR LUATH-
ÉIREANNACH LENA N-ÁIRÍTEAR
STAIR NA MEÁNAOISE, UCD

Louis Cullen,
OLLAMH EMERITUS LE STAIR NA
hÉIREANN, TCD

Brian Trainor,
IAR-STIÚRTHÓIR, PRONI
AGUS IAR-STIÚRTHÓIR, ULSTER
HISTORICAL FOUNDATION

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Comhaltaí

James McGuire, UCD,
CATHAOIRLEACH

Nicholas Canny, NUIG

David Craig,
CARTLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

David Dickson, TCD

David Edwards, UCC

Chris Flynn, DAHG

Greta Jones, UU

James Kelly, DCU

Michael Kennedy, RIA

Máire Mac Conghail

John McCafferty, UCD

Aileen McClintock,
OIFIG NA dTAIFEAD POIBLÍ I
dTUAISCEART ÉIREANN

Deirdre McMahon, MIC

Donal Moore,
CARTLANN CATHRACH PHORT LÁIRGE

Thomas O'Connor, NUI

Dáibhí Ó Cróinín, NUI

Ruán O'Donnell, UL

Mary O'Dowd, QUB

Jane Ohlmeyer, TCD

Fiona Ross
LEABHARLANN NÁISIÚNTA
NA hÉIREANN

An Buanchoiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

James McGuire

Nicholas Canny

David Edwards

James Kelly

Michael Kennedy

Máire Mac Conghail

Dáibhí Ó Cróinín

Mary O'Dowd

Jane Ohlmeyer

Riarthóir

Cathy Hayes